2025/2419

28.11.2025

CINNEADH (AE) 2025/2419 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 18 Samhain 2025

maidir le líon eisiúintí bonn atá le formheas in 2026 (BCE/2025/37)

TÁ BORD FEIDHMIÚCHÁIN AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 128(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2015/2332 ón mBanc Ceannais Eorpach an 4 Nollaig 2015 maidir leis an gcreat nós imeachta d'fhormheas líon eisiúintí bonn euro (BCE/2015/43) ([1]), agus go háirithe Airteagal 2(9) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá an ceart eisiach ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) líon na mbonn a eisíonn na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu ('Ballstáit an limistéir euro' anseo feasta) a fhormheas.

(2) Chuir an 20 Ballstát limistéir euro agus an Bulgáir, a ghlacfaidh an euro mar an t-airgeadra aonair ón 1 Eanáir 2026, faoi bhráid an BCE a n-iarratais ar fhormheas líon na mbonn atá le heisiúint in 2026, arna fhorlíonadh le nótaí míniúcháin ar an modheolaíocht réamhaisnéise. Chuir cuid de na Ballstáit seo den limistéar euro faisnéis bhreise ar fáil freisin maidir le boinn atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht, i gcás go bhfuil faisnéis den sórt sin ar fáil agus a measann na Ballstáit lena mbaineann sa limistéar euro a bheith riachtanach chun an t-iarratas ar fhormheas a fhíorú.

(3) Toisc go bhfuil ceart na mBallstát sa limistéar euro chun bonn euro a eisiúint faoi réir fhormheas an BCE maidir le líon na heisiúna, de réir Airteagal 3(1) de Chinneadh (AE) 2015/2332 (BCE/2015/43), ní fhéadfaidh Ballstáit an limistéir euro an líon arna fhormheas ag an BCE a shárú tráth ar bith le linn na bliana 2026 gan cead a fháil roimh ré ón BCE.

(4) De bhun Airteagal 2 (9) de Chinneadh (AE) 2015/2332 (BCE/2015/43), toisc nach gá aon mhodhnú ar líon eisiúintí bonn arna iarradh, tugtar de chumhacht don Bhord Feidhmiúcháin an Cinneadh seo a ghlacadh maidir leis na hiarrataí bliantúla ar fhormheas de líon eisiúintí bonn in 2026 a chuir Ballstáit an limistéir euro isteach agus an Bhulgáir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Sainmhínithe

Chun críocha an Chinnidh seo, tá feidhm ag na sainmhínithe in Airteagal 1 de Chinneadh (AE) 2015/2332 (BCE/2015/43).

([1]) IO L 328, 12.12.2015, lch. 123, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2015/2332/oj.

Airteagal 2

Formheas de líon na mbonn euro atá le heisiúint in 2026

Formheasann an BCE leis seo líon na mbonn euro atá le heisiúint ag Ballstáit an limistéir euro in 2026 amhail mar a leagtar amach sa tábla seo a leanas:

	Líon na mbonn euro arna fhormheas lena n-eisiúint in 2026		
	Boinn atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht	Boinn inbhailithe (nach bhfuil beartaithe lena gcur i gcúrsaíocht)	Líon eisiúintí bonn
	(EUR milliún)	(EUR milliún)	(EUR milliún)
An Bheilg	56,00	0,30	56,30
An Bhulgáir	163,64	0,63	164,27
An Ghearmáin	354,50	203,50	558,00
An Eastóin	9,00	0,33	9,33
Éire	35,96	0,50	36,46
An Ghréig	149,90	0,68	150,58
An Spáinn	259,42	40,00	299,42
An Fhrainc	282,00	60,00	342,00
An Chróit	61,75	0,43	62,18
An Iodáil	254,25	4,15	258,40
An Chipir	6,10	0,01	6,11
An Laitvia	8,50	0,20	8,70
An Liotuáin	12,00	0,55	12,55
Lucsamburg	13,00	0,40	13,40
Málta	7,60	12,00	19,60
An Ísiltír	24,00	1,00	25,00
An Ostair	106,23	176,11	282,34
An Phortaingéil	29,90	1,40	31,30
An tSlóivéin	20,00	1,00	21,00
An tSlóvaic	26,00	3,30	29,30
An Fhionlainn	10,00	5,00	15,00
Iomlán	**1 889,75**	**511,49**	**2 401,24**

Airteagal 3

Teacht in éifeacht

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar lá a thabharfar fógra do na seolaithe.

Airteagal 4

Seolaithe

Tá an Cinneadh seo dírithe ar na Ballstáit arb é an euro an t-airgeadra atá acu agus ar an mBulgáir.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, 18 Samhain 2025

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE